AN COIMISIÚN
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS
DO GHNÓTHAÍ
EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 22.2.2022
JOIN(2022) 17 final/2
DOWNGRADED ON 7.2.2023

2022/0054 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 maidir le bearta sriantacha i leith gníomhaíochtaí lena ndéantar dochar nó lena gcruthaítear baol d'iomláine chríochach, do cheannasacht agus do neamhspleáchas na hÚcráine

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i leith gníomhaíochtaí lena ndéantar dochar nó lena gcruthaítear baol d'iomláine chríochach, do cheannasacht agus do neamhspleáchas na hÚcráine, tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An XXX 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh XXXX lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES lena dtugtar isteach sásra maolaithe le haghaidh oibreoirí áirithe a thagann faoin reo sócmhainní agus faoin toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dóibh.

(3) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun éifeacht a thabhairt do na bearta sin i ndlí an Aontais.

(4) Molann Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Coimisiún Eorpach Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir.

2022/0054 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 maidir le bearta sriantacha i leith gníomhaíochtaí lena ndéantar dochar nó lena gcruthaítear baol d'iomláine chríochach, do cheannasacht agus do neamhspleáchas na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de

Ag féachaint do Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i leith gníomhaíochtaí lena ndéantar dochar nó lena gcruthaítear baol d'iomláine chríochach, do cheannasacht agus do neamhspleáchas na hÚcráine[1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i leith gníomhaíochtaí lena ndéantar dochar nó lena gcruthaítear baol d'iomláine chríochach, do cheannasacht agus do neamhspleáchas na hÚcráine, tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An XX YY 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh XXXX lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES agus lena dtugtar isteach sásra maolaithe le haghaidh oibreoirí áirithe a thagann faoin reo sócmhainní agus faoin toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dóibh.

(3) Tagann na leasuithe sin faoi réim raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle mar a leanas:

Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'*Airteagal 6b*

[1] IO L 078, 17.3.2014, lch. 16.

1. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go ndéanfar cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, cistí nó acmhainní ar leis an eintiteas iad agus a liostaítear faoi na huimhreacha iontrála XX in Iarscríbhinn I, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na heintitis sin, faoi choinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla is iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun foirceannadh a dhéanamh, faoin XX YY 2022 *(6 mhí tar éis an Rialachán leasaitheach a ghlacadh)*, ar oibríochtaí, conarthaí, nó comhaontuithe eile, lena n-áirítear caidrimh bhaincéireachta comhfhreagraí, a cuireadh i gcrích leis na heintitis sin roimh [*dáta glactha an Rialacháin leasaithigh*]. ’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán